

Céimeanna Earcaíochta

1 - Eolas ón Roinn Oideachais

Foilsítear Sceideal Foirne mar aon leis an gcioclán a leagann amach buneolas maidir le hearcaíocht don chéad scoilbhliain eile. Tugann an sceideal eolas faoin líon múinteoirí ranga atá ceadaithe bunaithe ar rollachán measta. Beidh eolas faoi uaireanta don Oideachas Speisialta i gcáipéis eile leis.

2 - Cinntigh

Cén líon daltaí a bheidh agat ar an 30 Meán Fómhair - an mbeidh tú i dteideal cur isteach ar fholúntas forbartha? Cén líon múinteoirí a bheidh ar scor/ar shos/deireadh lena gconradh &rl agat? Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chearta CID / cearta painéil? Ullmhaigh an cháipéisíocht.

3 - Spriocdháta

Cuir An Foras Pátrúnachta ar an eolas faoi gach folúntas a bheidh agat. Seol na cáipéisí cuí chuig An Roinn Oideachais m.sh. cnuasaigh nua, rollachán measta, poist fhorbartha, achomharc &rl.

4 - Painéal Buan

Déanfar múinteoirí ar an bpainéal buan a shocrú i bhfolúntas i dtosach. Déanfaidh An Foras Pátrúnachta teagmháil le múinteoirí agus le príomhoidí ag an am sin. Muna bhfuil folúntas buan nó sealadach ann do mhúinteoir le CID ón mbliain roimhe, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar an bpainéal buan.

5 - Cearta CID

Nuair a ghlanfar an painéal buan, cuirfear scoileanna ar an eolas, de réir a chéile, maidir le cearta CID a bheith bronnata ar mhúinteoirí. Ag an bpointe sin, is féidir folúntas sa scoil a thairiscint dóibh. Ní bhíonn cearta acu ar fholúntas in aon scoil eile.

6 - Painéal Forlíontach

Ar a fhoilsiú, is féidir gach folúntas sealadach a fhógairt. Cuirfimid in iúl duit nuair a bheidh an painéal glanta ceantar ar cheantar. Beidh An Foras Pátrúnachta i dteagmháil le gach scoil ag an am sin maidir le múinteoirí ar an bpainéal a cheapadh i bhfolúntais bhuana.

7 - Folúntais a fhógairt

Is féidir gach folúntas a fhógairt nuair a bheidh an painéal forlíontach glanta i do cheantar.

